NATIONAL EDUCATIONAL WELFARE BOARD
AN BORD NÁISIÚNTA LEASA OIDEACHAIS

16 - 22 Green Street, Dublin 7.
Telephone 01-8738700 Fax 01-8738799 or 01-8738798
Email: info@newb.ie
Website: www.newb.ie

Chuig: **Boird Bhainistíochta Bunscoileanna/Iar-bhunscoileanna**
Príomhoidí Bunscoileanna/Iar-bhunscoileanna
Príomhfheidhmeannaigh na gCoistí Gairmoideachais
Cathaoirligh na gClár Críochnaithe Scoile

CHUR CHUIGE COMHTHÁITE MAIDIR LE TINREAMH, COINNEÁIL AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT SCOILE

A Chara,

I mí Bealtaine, d'fhógair Sean Haughey, T.D., An tAire Stáit ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta go ndéanfaí An Scéim Theagmhála Baile, Scoile agus an Phobail (STBSP), An Clár Críochnaithe Scoile (CCS) agus an tSeirbhís Múinteoirí ar Cuairt ar Thaistealaithe (SMCT) a thabhairt le chéile faoi scáth an BNLO le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2009.

Faoi láthair tá samhail chomhtháite á forbairt ag an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais chun seirbhís a thógáil atá bunaithe ar chomhláidreachtaí na gceithre sheirbhís (STBSP, CCS, SMCT agus an tSeirbhís Leasa Oideachais) chun cur chuige leanbhdhírithe comhtháite a sholáthar, i ndáil le tinreamh, coinneáil agus rannpháirtíocht scoile. Déanfar obair ar an gcur chuige comhtháite i gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus le páirtithe leasmhara eile.

Go dtí go ndéanfar an tsamhail chomhtháite seirbhíse a fhorbairt tá socruithe eatramhacha tuairiscithe á gcur i bhfeidhm le haghaidh STBSP agus tá Foirne Comhordúcháin Náisiúnta CCS agus an tSeirbhís Múinteoirí ar Cuairt ar Thaistealaithe á gcur ar bun. Ar leibhéal na scoile agus na braisle, ámh, ní bheidh aon athrú láithreach ar oibriú STBSP, CCS agus SMCT. Leanfaidh siad go léir ar aghaidh ag feidhmiú d'fhonn leanúnachas na seirbhísí do scoileanna, do theaghlaigh agus do phobail a chinntiú. Leanfar leis na socruithe atá ann chun soláthar don fhorbairt ghairmiúil agus leanfaidh comhordaitheoirí STBSP agus CCS ag feidhmiú ach éascóidh siad an raon níos fairsinge atá anois ann faoin struchtúr nua bainistíochta ag an BNLO.

An aidhm atá leis an gcur chuige nua ná torthaí níos fearr a bhaint amach do gach leanbh. Beidh samhlacha maithe seirbhíse mar thoradh ar an gcur chuige comhtháite ar féidir le scoileanna agus le daoine eile fóir a bhaint astu. De réir mar a théann an tionscadal ar aghaidh, is féidir leat fanacht ar an eolas trí chuairt a thabhairt ar shuíomh gréasáin an BNLO (www.newb.ie).

Is forbairt dhearfach dhúshlánach an fhorbairt nua. Táim ag súil leis an gcomhoibriú libh san obair seo a bhfuil mar phríomhchuspóir aici feabhas a chur ar thorthaí do leanaí, do theaghlaigh agus do dhaoine óga.

Iarrtar ar Chathaoirligh, ar Phríomhoidí Scoileanna, agus ar Phríomhfheidhmeannaigh an litir seo a chur faoi bhráid na foirne, na gcoistí agus daoine eile más iomchuí.

Is mise le meas,

Eddie Ward,
Príomhfheidhmeannach
Meán Fómhair 2009